

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
30 Aibreán 2014



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) Uimh. 421/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um líntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal, i bhfianaise chur chun feidhme faoi 2020 comhaontuithe idirnáisiúnta lena gcuirtear i bhfeidhm beart domhanda aonair bunaithe ar an margadh ar astaíochtaí eitlíochta idirnáisiúnta. ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 422/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena ndéantar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm orthu, a choigeartú le héifeacht ón 1 Iúil 2011 5
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 423/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena ndéantar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh chomh maith leis na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir leo a choigeartú le héifeacht ón 1 Iúil 2012 12

⁽¹⁾ Tá ábharthacht ag an téacs seo maidir leis an LEE

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 421/2014 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 16 Aibreán 2014**

lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal, i bhfianaise chur chun feidhme faoi 2020 comhaontuithe idirnáisiúnta lena gcuirtear i bhfeidhm beart domhanda aonair bunaithe ar an margadh ar astaíochtaí eitlíochta idirnáisiúnta.

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialach na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá gné láidir idirnáisiúnta in earnáil na heitlíochta. Tugann cur chuige domhanda maidir le díriú isteach ar astaíochtaí ón eitlíocht idirnáisiúnta an t-ionchas is fearr chun inbhuanaitheacht a áirithiú san fhadtéarma.
- (2) Tá an tAontas ag iarraidh comhaontú idirnáisiúnta amach anseo a bhaint amach chun astaíochtaí gáis ceaptha teasa ón eitlíocht a rialú agus, idir an dá linn, tá sé ag cur teorann le tionchar athraithe aeráide a thagann ó ghníomhaíochtaí eitlíochta chuig agus ó aeradróim trí ghníomh féinrialaitheach. D'fhonn a áirithiú go bhfuil na cuspóirí sin tacúil go frithpháirteach agus nach bhfuil siad contrártha lena chéile, is cuí forbairtí agus seasaimh a ghlactar i bhfóraim idirnáisiúnta a chur san áireamh agus go háirithe an Togra ina bhfuil "Ráiteas comhdhlúite maidir leis na beartais agus cleachtais leantacha ICAO a bhaineann le cosaint an chomhshaoil" a glacadh an 4 Deireadh Fómhair 2013 ag an 38ú Seisiún de Thionól na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).
- (3) Dá bhrí sin, d'fhonn an móiminteam a baineadh amach ag an 38ú seisiún de Thionól an ICAO sa bhliain 2013 a chothabháil agus chun dul chun cinn a éascú ag an 39ú seisiún a bheidh ann sa bhliain 2016, is inmhianaithe go meastar ar bhonn sealadach go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ comhlíonta don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2016 i dtaca le heitiltí chuig agus ó aeradróim i Stáit Iasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Agus é sin a dhéanamh dó, leagann an tAontas béim gur féidir ceanglais dhlíthiúla a chur i bhfeidhm i dtaca le heitiltí go dtí agus ó aeradróim atá suite i Stáit de chuid LEE, ar an dóigh chéanna is gur féidir ceanglais dlí a chur i bhfeidhm i dtaca le na hastaíochtaí a thagann as eitiltí idir aeradróim den chineál sin. D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, chun críocha an mhaolaithe seo, ba cheart eitiltí idir aeradróim i Stáit de chuid an LEE agus tíortha a d'aontaigh don Aontas in 2013 a mheas mar eitiltí idir Stáit de chuid an LEE.

⁽¹⁾ Tuairim arna ghlacadh an 22 Eanáir 2014 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 3 Aibreán 2014 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 14 Aibreán 2014.

⁽³⁾ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

- (4) Meabhraítear gurb amhlaidh faoi Threoir 2003/87/CE atá sé faoi na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis an úsáid a bhainfeadh as ioncam a ghníomhaíocht a chur ar ceant. Ba cheart an t-ioncam sin, nó a choibhéis i luach airgeadais, a úsáid chun dul i ngleic le hathrú aeráide san AE agus i dtríú tíortha, *inter alia*, chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú, chun oiriúnú do thionchar an athraithe aeráide san AE agus i dtríú tíortha, go háirithe tíortha i mbéal forbartha, chun taighde agus forbairt ar mhaolú agus oiriúnú a mhaoiniú, ag cur réimse na haerloingseoireachta agus an aeriompair san áireamh go háirithe, chun astaíochtaí a laghdú trí iompar astaíochtaí ísle agus chun costas riaracháin scéim an Aontais a chlúdach. Ba cheart na fáiltas cheantála, nó a gcoibhéis i luach airgeadais, a úsáid freisin chun ranníocaíochtaí a mhaoiniú don Chiste Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Fuinnimh Inathnuaite ar fud an Domhain, agus bearta chun difhóraoisíú a sheachaint. Tá trédhearcacht i ndáil le húsáid an ioncaim a ghintear ó líuntais a chur ar ceant faoi Threoir 2003/87/CE bunriachtanach chun taca a chur faoi ghealltanais an Aontais. Faoi Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, ní mór do Bhallstáit tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le húsáid ioncaim a thagann ó líuntas den chineál sin a chur ar ceant.
- (5) Cuireann na maoluithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo torthaí teagmhálacha déthaobhacha agus iltaobhacha le tríú tíortha san áireamh, ar teagmhálacha iad a leanfaidh an Coimisiún dá saothrú thar ceann an Aontais, d'fhonn úsáid sásraí margadh-bhunaithe chun astaíochtaí ón eitlíocht a laghdú a chur chun cinn.
- (6) Meabhraítear go bhforáiltear le Treoir 2003/87/CE don fhéidearthacht bearta a ghlacadh lena leasaítear na gníomhaíochtaí eitlíochta atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, i gcás go dtugann tríú tír isteach bearta chun tionchar gníomhaíochtaí eitlíochta ar athrú aeráide a laghdú.
- (7) Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag caibidlíú comhaontuithe eitlíochta uile an Aontais an tsolúbthacht atá ag an Aontas chun gníomhú i dtaca le saincheisteanna comhshaoil a chosaint, lena n-áirítear i ndáil le bearta chun tionchar na heitlíochta ar athrú aeráide a mhaolú.
- (8) Chun saobhadh iomaíochta a sheachaint, tá sé tábhachtach go ndéileálfar le gach eitilt ar an aerbhealach céanna ar an dóigh chéanna.
- (9) Ina theannta sin, chun ualach riaracháin díreireach ar na hoibreoírí aerárthaí is lú a sheachaint, ba cheart go gcuirfí maolú sealadach le hlarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE. Ba cheart go mbeadh oibreoírí aerárthaí neamhthráchtála a astaíonn níos lú na 1 000 tona CO₂ in aghaidh na bliana díolmhaithe, dá bhrí sin, ó raon feidhme na Treorach sin, ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2020.
- (10) Is iomchuí úsáid chur chuige malartach, ag oibreoírí aerárthaí ar astaíraí beaga iad, a chumasú, lena n-astaíochtaí a fhíorú chun a n-ualach riaracháin a laghdú tuilleadh. Ba cheart go mbeadh Ballstáit in ann bearta simplithe a chur chun feidhme a thugann aghaidh ar riachtanais na n-oibreoírí neamhthráchtála atá ina n-astaíraí beaga.
- (11) Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhadhbanna rochtana agus iomaíochta a eascraíonn sna réigiúin is forimeallaí den Aontas a mhaolú nó fiú a dhíothú. Á mheabhrú sin, ba cheart eitiltí idir aeradróm atá suite i réigiún forimeallach de réir bhrí Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus aeradróm atá suite i réigiún eile de chuid LEE a chur san áireamh sa mhaolú arna bhunú faoin Rialachán seo freisin.
- (12) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'oibreoírí aerárthaí agus d'údaráis náisiúnta is cuí spriocdhátaí suas go dtí 2015 a chheadú don tabhairt suas agus don tuairisciú maidir le hastaíochtaí 2013.
- (13) Chun an maolú seo a chur i bhfeidhm, tá sé tábhachtach a mheabhrú gurb iad na modhanna chun líuntais a leithdháileadh agus a eisiúint d'oibreoírí aerárthaí a bunaíodh faoi Threoir 2003/87/CE a leanann de bheith i bhfeidhm, is é sin iad siúd atá bunaithe ar na sonraí tona-ciliméadair fíoraithe i ndáil leis na tréimhsí ábhartha dá dtagraítear inti.
- (14) Tar éis Thionól 2016 ICAO agus i bhfianaise a thoraidh, ba cheart don Choimisiún tuarascáil iomlán a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Sa tuarascáil sin, ba cheart go mbreithneodh an Coimisiún, *inter alia*, na roghanna go léir a bhaineann le hastaíochtaí ó ghníomhaíochtaí eitlíochta a chlúdach agus, más cuí, bearta a mholadh chun a áirithiú gur féidir forbairtí idirnáisiúnta a chur san áireamh agus go dtabharfar faoi aon shaincheisteanna maidir le cur chun feidhme an mhaolaithe. Ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar éifeachtacht comhshaoil Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (CTA AE) agus, sa chomhthéacs seo, do rannpháirtíocht shonrach earnáil na heitlíochta, lena n-áirítear rialacha mionsonraithe chun na rialacha is infheidhme faoi seach maidir le gníomhaíochtaí eitlíochta agus suiteálacha do-aistrithe a ailíniú níos fearr.

⁽¹⁾ Rialachán 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 280/2004/CE (IO L 165, 18.6.2013, lch. 13).

- (15) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon maolú sealadach a thabhairt isteach ar fhaireachán, agus ar thuairisciú a dhéanamh ar eitiltí chuig agus ó thíortha lasmuigh de LEE ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2016, agus ar thabhairt suas liúntas ó na heitiltí sin, chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus riarachán na scéime a shimpliú, a bhaint amach go leordhóthanach ach gur féidir, de bharr fairsinge agus éifeachtaí an Rialacháin seo, iad a bhaint amach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil gá leis chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (16) Tá sé rithabhachtach deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'oibreoírí aerárthaí agus d'údaráis náisiúnta a áirithiú i bhfianaise spriodhata an 30 Aibreán 2014 don tabhairt suas dá dtagraítear i dTreoir 2003/87/CE. Dá réir sin, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ó dháta a ghlactha.
- (17) Ba cheart Treoir 2003/87/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 2003/87/CE leis seo mar a leanas:

- (1) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 28a

Maoluithe is infheidhme roimh chur chun feidhme faoi 2020 comhaontaithe idirnáisiúnta lena gcuirtear beart domhanda margadh-bhunaithe aonair i bhfeidhm

1. De mhaolú ar Airteagal 12(2a), Airteagal 14(3), agus Airteagal 16, measfaidh Ballstáit go bhfuil na ceanglais a leagtar síos sna forálacha sin comhlíonta agus ní ghníomhóidh siad i gcoinne oibreoírí aerárthaí i ndáil leis an méid seo a leanas:

- na hastaíochtaí go léir ó eitiltí chuig agus ó aeradróim atá suite i dtíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) i ngach bliain féilire ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2016;
- na hastaíochtaí go léir ó eitiltí idir aeradróm atá suite i réigiún forimeallach de réir bhrí Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus aeradróm atá suite i réigiún eile de LEE i ndáil le gach bliain féilire ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2016;
- liúntais a chomhfhreagraíonn d'astaíochtaí fíoraithe ó eitiltí idir aeradróim atá suite i Stáit de chuid LEE, a tharlóidh faoin 30 Aibreán 2015 in ionad an 30 Aibreán 2014, agus astaíochtaí fíoraithe na n-eitiltí sin a thuairisceofar faoin 31 Márta 2015, in ionad an 31 Márta 2014, a thabhairt suas.

Chun críocha Airteagal 11a, 12 agus 14, déanfar na hastaíochtaí fíoraithe ó eitiltí seachas na cinn dá dtagraítear sa chéad fhomhír a mheas mar astaíochtaí fíoraithe an oibreora aerárthaí.

2. Maidir le hoibreoír aerárthaí a bhaineann leas as na maoluithe dá bhforáiltear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1 den Airteagal seo, déanfar, de mhaolú ar Airteagal 3e(5) agus Airteagal 3f, líon liúntas saor a eisiúint dó, ar líon é a bheidh laghdaithe i gcomhréir leis an laghdú san oibleagáid chun tabhairt suas dá bhforáiltear sna pointí sin.

De mhaolú ar Airteagal 3f(8), déanfar liúntais nach leithdháilfead de thoradh chur i bhfeidhm na chéad fhomhíre den mhír seo a chealú.

Maidir le gníomhaíocht sa tréimhse ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2016, foilseoidh na Ballstáit an líon liúntas eitlíochta saor a leithdháiltear chuig gach oibreoír aerárthaí faoin 1 Lúnasa 2014.

3. De mhaolú ar Airteagal 3d, cuirfidh Ballstáit líon liúntas eitlíochta ar ceant ar líon é a laghdófar i gcomhréir leis an laghdú i líon iomlán na liúntas a eiseofar.

4. De mhaolú ar Airteagal 3d(3), laghdófar an líon liúntas a bheidh le cur ar ceant ag gach Ballstát i ndáil leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2016 chun comhfhreagairt dá chion astaíochtaí atá curtha i leith eitiltí nach bhfuil faoi réir na maoluithe dá bhforáiltear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1 den Airteagal seo.

5. De mhaolú ar Airteagal 3g, ní chuirfear de cheangal ar oibreoírí aerárthaí pleananna faireacháin a chur isteach lena leagtar amach bearta chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh i ndail le hastaíochtaí atá faoi réir na maoluithe dá bhforáiltear i bpointí (a) agus (b) i mír 1 den Airteagal seo.

6. De mhaolú ar Airteagal 3g, Airteagal 12, Airteagal 15 agus Airteagal 18a, i gcás go bhfuil astaíochtaí bliantúla iomlána níos lú ná 25 000 tona CO₂ ag oibreoír aerárthaí, measfar gur astaíochtaí fíoraithe iad a astaíochtaí má dhearbhaítear iad trí úsáid a bhaint as an uirlis astaíró beaga a formheasadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 606/2010 ón gCoimisiún (*) agus na sonraí á gcur isteach ag Eurocontrol le sonraí óna shaoráid tacaíochta ETS. Féadfaidh Ballstáit nósanna imeachta simplithe a chur i bhfeidhm maidir le hoibreoírí aerárthaí neamhthráchtála fad nach soláthraíonn nósanna den sórt sin níos lú cruinnis ná an uirlis astaíró beaga.

7. Chun críocha an Airteagail seo, measfar eiltí idir aeradróim atá suite i Stáit de chuid LEE agus tíortha a d'aontaigh don Aontas in 2013 mar eiltí idir aeradróim atá suite i Stáit de chuid LEE.

8. Déanfaidh an Coimisiún go tráthrialta, agus uair sa bhliain ar a laghad, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas maidir le dul chun cinn i gcaibidíocht na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) mar aon lena iarrachtaí chun glacadh idirnáisiúnta le sásraí margadh-bunaithe a chur cinn i measc tríú tíortha. Tar éis Thionól 2016 an ICAO, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le gníomhaíochtaí chun comhaontú idirnáisiúnta maidir le beart domhanda margadh-bunaithe a chur chun feidhme ó 2020 i leith, ar beart é a laghdóidh astaíochtaí gáis cheaptha teasa ón eitlíocht ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, lena n-áirítear faisnéis maidir le húsáid ioncaim, a chuirfidh Ballstáit isteach i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013.

Ina thuarascáil, breithneoidh an Coimisiún, agus, más iomchuí, cuirfidh sé isteach moltaí chun freagairt do na forbairtí sin maidir leis an raon feidhme is iomchuí d'astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí chuig agus ó aeradróim atá suite i dtíortha lasmuigh de LEE ón 1 Eanáir 2017 ar aghaidh. Ina thuarascáil, breithneoidh an Coimisiún freisin réitigh ar shaincheisteanna eile a fhéadfaidh eacht chun cinn i gcur i bhfeidhm mhíreanna 1 go dtí 4 den Airteagal seo, agus ag an am céanna, an chothromaíocht á caomhnú d'oibreoírí uile aerárthaí ar an aerbhealach céanna.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 606/2010 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2010 maidir le formheas uirlis simplithe arna forbairt ag an eagraíocht Eorpach um shábháilteacht na haerloingseoireachta (Eurocontrol) chun idiú breosla oibreoírí aerárthaí astaíró beaga áirithe a mheas (IO L 175, 10.7.2010, lch. 25)."

(2) In Iarscríbhinn I, sa cholún "Gníomhaíochtaí" den tábla atá inti, cuirtear an pointe seo a leanas tar éis pointe (j) faoin gceannteideal "Eitlíocht" in Iarscríbhinn I:

"(k) ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2020, eitiltí a thiocfadh faoin ngníomhaíocht seo, murach an pointe seo, arna ndéanamh ag oibreoír aerárthaí neamhthráchtála a oibríonn eitiltí ar lú a astaíochtaí bliantúla iomlána ná 1 000 tona in aghaidh na bliana."

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 30 Aibreán 2014.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 16 Aibreán 2014.

Thar ceann Parlaimint na hEorpa

An tUachtarán

M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

D. KOURKOULAS

RIALACHÁN (AE) Uimh. 422/2014 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**an 16 Aibreán 2014****lena ndéantar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm orthu, a choigeartú le héifeacht ón 1 Iúil 2011**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Phrótacal ar Phribhléidí agus Diolúintí an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 12 de,

Ag féachaint do Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (“na Rialacháin Foirne”) agus do Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (“Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhíseach eile”), a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe d'Airteagal 10 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCúirt Bhreithiúnais ⁽²⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Chúirt na nIúchóirí ⁽³⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽⁴⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Ina breithiúnas i gCás C-63/12, an Coimisiún v an Chomhairle, shoiléirigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (“an Chúirt Bhreithiúnais”) go bhfuil oibleagáid ar na hinstitiúidí cinneadh a dhéanamh gach bliain maidir leis an luach saothair a choigeartú, trí choigeartú “matamaiticiúil” a dhéanamh i gcomhréir leis an modh a leagtar síos in Airteagal 3 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, nó tríd an ríomh “matamaiticiúil” sin a chur ar leataobh i gcomhréir le hAirteagal 10 de.
- (2) Is é an sprioc atá le hAirteagal 19 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, cur ar cumas na n-institiúidí na bearta is gá a ghlacadh chun a ndíospóidí i ndáil le coigeartuithe luach saothair agus pinsean sa bhliain 2011 agus sa bhliain 2012 a shocrú i gcomhréir le breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais, agus ionchais dhlísteanaigh na foirne á gcur san áireamh go bhfuil na hinstitiúidí le cinneadh a dhéanamh gach bliain maidir lena luach saothair agus lena bpinsin a choigeartú.
- (3) Chun breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-63/12 a chomhlíonadh, tá an Coimisiún le togra a thíolacadh faoin nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 336 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) le go mbeidh Parlaimint na hEorpa bainteach leis an bpróiseas reachtaíochta i gcás ina suíonn an Chomhairle go bhfuil meathlú tromchúiseach agus tobann ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta laistigh den Aontas. An 4 Samhain 2011, chuir an Chomhairle in iúl gurbh ionann an ghéarchéim airgeadais agus eacnamaíoch a bhí ann laistigh den Aontas agus as ar d'eascair coigeartuithe físcacha suntasacha i bhformhór na mBallstát agus meathlú tromchúiseach agus tobann ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta laistigh den Aontas. D'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 241 CFAE, Airteagal 10 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a chur chun feidhme agus an togra iomchuí i dtaca le luach saothair a thíolacadh.

⁽¹⁾ Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

⁽²⁾ Tuairim an 4 Márta 2014 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).

⁽³⁾ Tuairim an 3 Márta 2014 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).

⁽⁴⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Márta 2014 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 14 Aibreán 2014.

⁽⁵⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15).

- (4) Dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil, faoin gclásal eisceachta, corrlach lánroghnach ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle maidir le coigeartú luach saothair agus pinsean. I bhfianaise sonraí eacnamaíocha agus sóisialta don tréimhse ón 1 Iúil 2010 go dtí 31 Nollaig 2011, amhail an ghéarchéim airgeadais agus eacnamaíoch a chuir isteach ar roinnt Ballstát i bhfómhar 2011, a bhí ina cúis le meathlú láithreach ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta laistigh den Aontas agus as ar tháinig coigeartuithe maicreacnamaíocha suntasacha, ardleibhéal na dífhostaíochta agus an t-ardleibhéal easnaimh agus fiachais phoiblí san Aontas, is iomchuí coigeartú luach saothair agus pinsean sa Bheilg agus i Lucsamburg a shocrú ag 0 % don bhliain 2011. Is cuid de chur chuige foriomlán é an coigeartú sin chun na díospóidí maidir le coigeartú 2011 agus 2012 ar luach saothair agus pinsin a shocrú, lena mbaineann coigeartú 0,8 % do 2012 freisin.
- (5) Dá bhrí sin, le linn tréimhse cúig bliana (2010-2014) is mar leanas coigeartú luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh: i 2010, rinneadh coigeartú 0,1 % de thoradh ar an modh a leagtar síos in Airteagal 3 d'Iarscríbhinn XI de na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm. Tagann coigeartú 0 % agus 0,8 % do 2011 agus 2012, faoi seach, as toradh an chur chuige fhoriomláin chun na díospóidí i ndáil le coigeartuithe 2011 agus 2012 ar luach saothair agus pinsin a réiteach. Thairis sin, mar chuid den chomhghéilleadh polaitiúil maidir le hathchóiriú ar na Rialacháin Foirne agus ar Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhíseach Eile, rinneadh cinneadh luach saothair agus pinsin a reo do na blianta 2013 agus 2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Le héifeacht ón 1 Iúil 2011, cuirfear “1 Iúil 2011” in ionad an dáta “1 Iúil 2010” sa dara mír d’Airteagal 63 de na Rialacháin Foirne.

Airteagal 2

Le héifeacht ón 1 Iúil 2011, cuirfear an méid seo a leanas in ionad thábla na mbuntuarastal míosúil in Airteagal 66 de na Rialacháin Foirne is infheidhme chun críoch luach saothair agus pinsin a ríomh:

1/7/2011	CÉIM				
GRÁD	1	2	3	4	5
16	16 919,04	17 630,00	18 370,84		
15	14 953,61	15 581,98	16 236,76	16 688,49	16 919,04
14	13 216,49	13 771,87	14 350,58	14 749,83	14 953,61
13	11 681,17	12 172,03	12 683,51	13 036,39	13 216,49
12	10 324,20	10 758,04	11 210,11	11 521,99	11 681,17
11	9 124,87	9 508,31	9 907,86	10 183,52	10 324,20
10	8 064,86	8 403,76	8 756,90	9 000,53	9 124,87
9	7 127,99	7 427,52	7 739,63	7 954,96	8 064,86
8	6 299,95	6 564,69	6 840,54	7 030,86	7 127,99
7	5 568,11	5 802,09	6 045,90	6 214,10	6 299,95
6	4 921,28	5 128,07	5 343,56	5 492,23	5 568,11
5	4 349,59	4 532,36	4 722,82	4 854,21	4 921,28
4	3 844,31	4 005,85	4 174,18	4 290,31	4 349,59
3	3 397,73	3 540,50	3 689,28	3 791,92	3 844,31
2	3 003,02	3 129,21	3 260,71	3 351,42	3 397,73
1	2 654,17	2 765,70	2 881,92	2 962,10	3 003,02

Airteagal 3

Le héifeacht ón 1 Iúil 2011, na comhéifeachtaí ceartúcháin is infheidhme maidir le luach saothair oifigeach agus sheirbhíseach eile faoi Airteagal 64 de na Rialacháin Foirne, cuirfear in iúl iad mar atá i gcolún 2 sa tábla seo a leanas.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2012, na comhéifeachtaí ceartúcháin is infheidhme maidir le haistriú oifigeach agus sheirbhíseach eile faoi Airteagal 17(3) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, cuirfear in iúl iad mar atá i gcolún 3 sa tábla seo a leanas.

Le héifeacht ón 1 Iúil 2011, na comhéifeachtaí ceartúcháin is infheidhme maidir le pinsin faoi Airteagal 20(1) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, cuirfear in iúl iad mar atá i gcolún 4 sa tábla seo a leanas.

Le héifeacht ón 16 Bealtaine 2011, na comhéifeachtaí ceartúcháin is infheidhme maidir le luach saothair oifigeach agus sheirbhíseach eile, cuirfear in iúl iad mar atá i gcolún 5 sa tábla seo a leanas. An 16 Bealtaine 2011 a bheidh mar dháta éifeachta le haghaidh an choigeartaithe bhliantúil do na Ballstáit sin.

Le héifeacht ón 16 Bealtaine 2011, na comhéifeachtaí ceartúcháin is infheidhme maidir le pinsin faoi Airteagal 20(1) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, cuirfear in iúl iad mar atá i gcolún 6 sa tábla seo a leanas. An 16 Bealtaine 2011 a bheidh mar dháta éifeachta le haghaidh an choigeartaithe bhliantúil.

1	2	3	4	5	6
Tír/Ionad	Luach Saothair 1.7.2011	Aistriú 1.1.2012	Pinsean 1.7.2011	Luach Saothair 16.5.2011	Pinsean 16.5.2011
An Bhulgáir	60,6	58,1	100,0		
Poblacht na Seice	85,2	79,3	100,0		
An Danmhairg	134,2	130,5	130,5		
An Ghearmáin	93,7	95,4	100,0		
Bonn	93,0				
Karlsruhe	92,2				
München	103,2				
An Eastóin	75,4	77,4	100,0		
An Ghréig	92,2	91,0	100,0		
An Spáinn	97,4	91,5	100,0		
An Fhrainc	116,4	108,5	108,5		
Éire	109,6	104,6	104,6		
An Iodáil	104,8	100,0	100,0		
Varese	91,9				
An Chipir	83,0	85,4	100,0		
An Laitvia	74,4	70,2	100,0		
An Liotuáin	72,7	70,7	100,0		
An Ungáir	83,5	73,1	100,0		
Málta	82,7	84,6	100,0		
An Ísiltír	102,8	97,3	100,0		
An Ostair	105,0	104,1	104,1		
An Pholainn	80,5	71,4	100,0		
An Phortaingéil	84,0	83,9	100,0		
An Rómáin	72,7	62,1	100,0		
An tSlóivéin	86,2	83,6	100,0		
An tSlóvaic	78,8	73,5	100,0		
An Fhionlainn	120,5	113,0	113,0		
An tSualainn	124,1	117,2	117,2		
An Ríocht Aontaithe		103,5		120,8	103,5
Culham				98,2	

Airteagal 4

Le héifeacht ón 1 Iúil 2011, is EUR 911,73 a bheidh i méid an liúntais um shaoire tuismitheoirí dá dtagraítear sa dara mír agus sa tríú mír d'Airteagal 42a de na Rialacháin Foirne, agus is EUR 1 215,63 a bheidh sa mhéid le haghaidh tuismitheoirí aonair.

Airteagal 5

Le héifeacht ón 1 Iúil 2011, is EUR 170,52 a bheidh i méid bunúsach an liúntais teaghlaigh dá dtagraítear in Airteagal 1(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

Le héifeacht ón 1 Iúil 2011, is EUR 372,61 a bheidh i méid an liúntais linbh chleithiúnaigh dá dtagraítear in Airteagal 2(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

Le héifeacht ón 1 Iúil 2011, is EUR 252,81 a bheidh i méid an liúntais oideachais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

Le héifeacht ón 1 Iúil 2011, is EUR 91,02 a bheidh i méid an liúntais oideachais dá dtagraítear in Airteagal 3(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

Le héifeacht ón 1 Iúil 2011, is EUR 505,39 a bheidh in íosmhéid an liúntais easaoránachta dá dtagraítear in Airteagal 69 de na Rialacháin Foirne agus sa dara fomhír d'Airteagal 4(1) d'Iarscríbhinn VII lena ngabhann.

Le héifeacht ón 1 Iúil 2011, is EUR 363,31 a bheidh sa liúntas easaoránachta dá dtagraítear in Airteagal 134 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhíseach Eile.

Airteagal 6

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2012, déanfar an liúntas de réir ciliméadair dá dtagraítear in Airteagal 8(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a choigeartú mar a leanas:

EUR 0 do gach ciliméadar ó	0 go dtí 200 km
EUR 0,3790 do gach ciliméadar ó	201 go dtí 1 000 km
EUR 0,6316 do gach ciliméadar ó	1 001 go dtí 2 000 km
EUR 0,3790 do gach ciliméadar ó	2 001 go dtí 3 000 km
EUR 0,1262 do gach ciliméadar ó	3 001 go dtí 4 000 km
EUR 0,0609 do gach ciliméadar ó	4 001 go dtí 10 000 km
EUR 0 do gach ciliméadar os cionn	10 000 km.

Cuirfear forlíonadh ar chothromráta leis an liúntas in aghaidh an chiliméadair thuas arb ionann é agus:

- EUR 189,48 má tá an fad d'iarnród idir ionad na fostaíochta agus an t-ionad tionscnaimh idir 725 km agus 1 450 km;
- EUR 378,93 má tá an fad d'iarnród idir ionad na fostaíochta agus an t-ionad tionscnaimh níos mó ná 1 450 km.

Airteagal 7

Le héifeacht ón 1 Iúil 2011, is é seo a leanas a bheidh sa liúntas cothaithe laethúil dá dtagraítear in Airteagal 10(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne:

- EUR 39,17 i gcás oifigigh atá i dteideal an liúntais teaghlaigh;
